

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta
National Economic & Social Development Office **NESDO**



An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta

Tuarascáil Bhliantúil

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

Clár

1	Ráiteas an Chathaoirligh	2
2	An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta	5
3	Beartais Chuntasaíochta NESDO	15
4	Ráiteas Airgeadais NESDO	18
5	Aguisín 1: Comhaltas Bhord NESDO	27
6	Aguisín 2: Comhaltas Chomhairle NESC	27
7	Aguisín 3: Ráitis Airgeadais arna síniú ag Bord NESDO chomh maith le Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	29

Ráiteas an Chathaoirligh

Cuireann an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Sóisialach (NESDO), a bunaíodh faoin Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006, comhairle ar an Taoiseach maidir leis na hábhair straitéiseacha go léir a bhaineann le forbairt eacnamaíoch agus sóisialta sa Stát.

Bhí NESDO comhdhéanta de thrí chomh-chomhlacht nuair a bunaíodh í – an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESC), an Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach (NESF) agus an tIonad Náisiúnta Comhpháirtíochta agus Feidhmíochta (NCP). Díscaoileadh NESF agus an NCP sa bhliain 2010 agus lean NESC uirthi mar chomh-chomhlacht aonair.

Cuireann NESDO seirbhísí iomlána riaracháin agus tacaíochta ar fáil do NESC agus cuireann gach tuarascáil, moladh agus conclúid a eascraíonn ó thionscadail an chomhlachta sin faoi bhráid an Rialtais agus déanann na socrúithe maidir le míreanna den sórt sin a fhoilsiú chomh maith.

Tugann *Treoirínte maidir le Beartais agus Nósanna Imeachta* NESDO breac-chuntas ar shocrúithe rialachais chorparáideach na hOifige, lena n-áirítear feidhmeanna agus freagrachtaí Bhord agus Foireann NESDO. Comhlíonann na Treoirínte *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* agus déantar athbhreithniú orthu ar bhonn rialta. Táim sásta go bhfuil na Treoirínte á gcomhlíonadh go hiomlán.

Reachtáil Coiste Iniúchta NESDO cruinniú amháin le linn na bliana 2014. Tá an Coiste comhdhéanta de:

An tUasal John Hynes (Cathaoirleach)

An tUasal Ray Henry, Roinn an Taoisigh

An Dr Helen Johnston, NESDO.

Baineann Coiste Iniúcháireachta NESDO úsáid as acmhainní Aonaid Iniúcháireachta Inmheánaí (IAU) Roinn an Taoisigh agus a chuid iniúchtaí á gcur i gcrích aici. Feidhmíonn an IAU mar acmhainn do Bhord agus do bhainistíocht NESDO ó thaobh dearbhú a sholáthar ar leordhóthanacht agus éifeachtacht córas rialaithe inmheánaigh na heagraíochta, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochtúla agus comhlíontachta agus bainistíocht riosca.

Thug an tAonad Iniúchta Inmheánaigh faoi iniúchadh maidir le soláthar in NESDO le linn na bliana 2014. Fuarthas amach san iniúchadh go raibh na híocaíochtaí ar fad a scrúdaíodh de réir rialacháin agus treoirínte ábhartha na Roinne Airgeadais, mar atá leagtha síos sna *Treoirínte Beartais agus Nósanna Imeachta* NESDO agus nósanna imeachta rialaithe airgeadais inmheánaigh gaolmhar NESDO.

Leagan doiciméad *Nósanna Imeachta maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais* NESDO amach na caighdeáin agus na nósanna imeachta cuntasaiochta ar fad, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hairgead tirim, párolla, fáltais, íocaíochtaí, taisteal agus costas, soláthar, sócmhainní seasta, slándáil teicneolaíocht faisnéise, rialú buiséid agus coinneáil agus bainistíocht taifead. Dearbhaím nach ndearnadh aon cheann de na nósanna imeacht sin a shárú le linn na bliana 2014 agus go ndearnadh na ceanglais maidir le beartais taistil an Rialtais a chomhlíonadh go hiomlán.

Feidhmíonn an duine céanna sna poist mar Phríomhoifigeach NESDO agus mar Stiúrthóir NESC, agus íoctar an duine sin maidir lena phost mar Stiúrthóir NESC agus ní fhaigheann sé aon luach saothair bhreise, díolaíochtaí ná costais bhreise maidir lena ról mar Phríomhoifigeach NESDO. Íoctar gach comhalta foirne de chuid NESDO agus NESC, lena n-áirítear an Príomhoifigeach/Stiúrthóir, de réir ciorcláin ábhartha pá arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Táim sásta go bhfuil na ciorcláin seo á gcomhlíonadh go hiomlán ag NESDO.

Tá NESDO tiomanta a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997. Cloíodh lena beartas maidir le híocaíocht a dhéanamh ar na sonraisc go léir laistigh de chreataí ama forordaithe le linn na bliana, agus rinneadh nócha cúig faoin gcéad (95%) d'íocaíochtaí laistigh de 25 lá ó dháta fála na sonrasc. Ní rabhthas faoi dhliteanas ús a íoc maidir leis an fhoráil a bhaineann le híocaíochtaí malla.

Dearbhaím nár tharla aon imeachtaí móra tar éis dháta an chláir comhordaithe le linn na bliana 2014.

Glacann NESDO páirt sa tionscnamh 'Green Team' lena bhfuil baint ag eagraíochtaí atá lonnaithe ag 16 Cearnóg Parnell Thoir, Baile Átha Cliath 1. Mar thoradh ar ghníomhaíochtaí spárála fuinnimh an 'Green Team' le linn na bliana 2014, rinneadh laghdú 23% ar an iomlán ar ídiú fuinnimh san fhoirgneamh.

Martin Fraser

Cathaoirleach

An Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Sóisialach

An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta

Clár Oibre NESC 2014

Foilsíodh cúig thuarascáil de chuid NESC in 2014, orthu sin bhí;

Sonraí Comhshaoil na hÉireann: Fardal, Measúnú agus na Chéad Chéimeanna (Tuarascáil NESC Uimh. 136). Bhí sé mar aidhm leis an tionscadal féachaint mhionscrúdaithe, machnamhach agus straitéiseach a thabhairt ar shonraí agus ar tháscairí comhshaoil reatha na hÉireann agus ar an ról atá acu amach anseo ó thaobh aistriú chuig sochaí ísealcharbóin a fhiosrú. Rinne na comhairleoirí *EnvEcon Limited* agus *Flannery Nagel Environmental* araon stiúradh ar an taighde agus thug siad a dtuarascáil deiridh chun críche i mí na Nollag, 2013.

Thug an taighde mar aon le catalóg nó léarscáil de na sonraí a bhí ann cheana a chur ar fáil, aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas:

Cá mhéad agus conas atá úsáid a bhaint as na sonraí comhshaoil atá ann cheana laistigh den chóras beartais? Cén fáth go bhfuil úsáid níos mó á bhaint as cuid de na sonraí seachas as codanna eile?

Cad is féidir a dhéanamh leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na foinsí sonraí atá ann cheana ag leibhéal beartais chomh maith le taighde níos leithne:

Cad iad na tuairimí coimhlinteach ar na chéad chéimeanna criticiúla eile do shonraí comhshaoil in Éirinn agus na heasnaimh sonraí is tábhachtaí atá ann ó thaobh dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an gheilleagair a ghlasú?

Fuarthas amach go bhfuil geallsealbhóirí den tuairim go bhfuil soiléireacht níos mó riachtanach maidir le cad a chiallaíonn nó nach gciallaíonn sonraí comhshaoil. Léiríodh tacaíocht do leathnú a dhéanamh ar an réimse sonraí le gnéithe geilleagrach agus sóisialta a thabhairt san áireamh, a thabharfadh tacaíocht le hábhair gheilleagrach agus sóisialta a chomhtháthú níos fearr leis an gcomhshaoil.

Tá an gá ann freisin le sainmhíniú níos soiléire a thabhairt ar an ngeilleagar glas. Luann sé ‘go bhfuil sé deacair comhtháthú a dhéanamh ar rud nach bhfuil tuiscint náisiúnta air’ (I.32). I gcodarsnacht leis sin, mhol an tuarascáil go mbeadh tairbhe ag gabháil le tuairim níos leithne a ghlacadh i leith cad a chiallaíonn sonraí comhshaoil, le cuimsiú níos iomláine a dhéanamh ar réimsí forbartha inbhuanaithe ar nós sláinte agus turasóireacht.

Tháinig an tuarascáil ar chonclúid lárnach go bhféadfaí úsáid níos fearr a bhaint as sonraí agus as táscairí a chuirtear ar fáil le freastal ar cheanglais AE. Thacódh rochtain níos fearr ar shonraí atá ann cheana agus ar shonraí a bheadh ann amach anseo le hanailís agus le beartas agus rachadh chun

leasa na hÉireann ó thaobh iomaíochta. Díríonn sé ar acmhainn sonraí oscailte ar scála náisiúnta, cosúil le tionscnamh OpenData an NYC.

Teaghlaigh gan Fostaíocht: Saincheisteanna a iniúchadh (Tuarascáil NESC Uimh. 137). Ar cheann de na tionchair ba mhó a bhí ag an ngéarchéim eacnamaíochta bhí an t-ardú sa dífhostaíocht. Lean údar imní maidir le teaghlaigh nach bhfuil aon duine fostaithe nó a bhfuil rochtain theoranta acu ar fhostaíocht. Tá coincheap maidir le ‘teaghlach gan fostaíocht’ ar choincheap atá casta agus leagan an tuarascáil amach roinnt de na príomhshaincheisteanna a bhaineann le teaghlaigh gan fostaíocht.

Tugann an tuarascáil aghaidh ar na saincheisteanna seo a leanas: Cad é an cúla maidir le dífhostaíocht teaghlaigh? Cad is brí le teaghlach gan aon duine fostaithe ann? Cén fáth go bhfuil cion ard teaghlach in Éirinn gan aon duine fostaithe iontu? Cad iad tréithe agus cá háit a bhfuil teaghlaigh na hÉireann nach bhfuil aon duine fostaithe iontu? Cad iad na saincheisteanna agus na freagraí beartais i leith na dteaghlach in Éirinn nach bhfuil aon duine fostaithe iontu? Cad iad na freagraí breise atá riachtanach agus cad eile is féidir le NESC a dhéanamh?

Uair na Cinniúna do Thithíocht Shóisialta: Deiseanna Infheistíochta, Soláthar agus Costas Tithíocht ar Cíos (Tuarascáil NESC Uimh. 138). Is éard a bhí sa tuarascáil seo ná ionchur an Rialtais i bhfoirmliú na straitéise sin i leith tithíocht shóisialta nua. Léiríonn sé na fadhbanna tromchúiseach atá soiléir i ngach aon phríomhchainéal de sholáthar tithíocht shóisialta:

Údaráis áitiúla: easpa soláthair mar gheall ar shrianta iasachta agus costais nach bhfuil clúdaithe ag cíos difreálach;

Cumainn tithíochta: Glacadh íseal ó thaobh CALF and P&A, nochtadh an stát i leith cíosanna príobháideacha atá ag ardú, acmhainní le tabhairt faoi infheistíocht agus forbairt ar scála mór;

Soláthar tríd an earnáil cíos phríobháidigh: cíosanna atá ag ardú, tionóntaí ar ioncam íseal ag fágáil, baol plódaithe agus easpa dídine, nochtadh an stát i leith cíosanna príobháideach atá ag ardú, fáil theoranta ar thionóntacht fhadtéarmach atá inacmhainne agus daingean.

Tá socruithe institiúide do phleanáil soláthar tithíochta, bainistíocht talún, forbairt, cosaint fhadtéarmach an stoic ar cíos a bhfuil an cumas aige cóiríocht inacmhainne a sholáthar do sciar suntasach den daonra mar shaincheist ar fud gach aon cheann de na trí chainéal.

Cuireann an tuarascáil béim ar an ngá atá le meascán comhleanúnach tionchar díreach ó thaobh soláthar, airgeadas agus costas cíos. D’fhéadfadh cur chuige den sórt sin údaráis áitiúla nó corparáid tithíochta náisiúnta, cumainn tithíochta agus ‘maoiniú bog’ a fheidhmiú (iasacht gan ús nó faoi bhun ráta úis an mhargaidh) d’infheisteoirí príobháideach atá toilteanach tithe ar bhonn fadtéarmach atá daingean á sholáthar ag cíos a bhaineann le costais, do ‘teaghlaigh idirmheánacha’. Is é atá mar argóint sa tuarascáil go mbeidh socruithe nua institiúide riachtanach le beartas a bhogadh sa treo seo. Ní thabharfaidh cruthú ‘comhbhailitheoir airgeadais’ nó feithicil sainchuspóra le hiasacht a fháil agus iasacht amach anseo a éascú, aghaidh ach ar aon cheann amháin de na trí philéir.

Críochnaíonn an tuarascáil ar dhíospóireacht maidir le héabhlóid tithíocht shóisialta in Éirinn agus é ag uair na cinniúna faoi láthair. Molann sé go bhfuil comhréiteach éagobhsaí beartais ann lena mbaineann coinneáil cíos difreálach agus ceannach ag tionóntaí, go bhfuil brú ann teorannú a dhéanamh ar chaiteachas ar liúntas cíos agus ar léasú trí teorannú a dhéanamh ar an íocaíocht uasta atá ar fáil agus trí shrianadh a dhéanamh ar sholáthar. Ní hí seo an chothromaíocht is fearr idir réaltacht gheilleagrach agus dlúthpháirtíocht sóisialta. Molann an Chomhairle athsmaoineamh a

dhéanamh ar an tsaincheist chun tacaíocht níos cuidiúla a thabhairt do bhreithniúcháin agus do chomhdhearcadh ar threo an bheartais maidir le tithíocht sóisialta na hÉireann.

Fuinneamh Gaoithe in Éirinn: Ag Cur le Rannpháirtíocht Pobail agus le Tacaíocht Shóisialta (Tuarascáil Uimh.139 NESD). D'fhéadfadh ról lárnach a bheith ag fuinneamh gaoithe le geilleagar na hÉireann a aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin faoi 2050. Tá forbairt mhór tagtha ar fhuinneamh gaoithe in Éirinn le fiche bliain anuas le 180 feirm ghaoithe ag feidhmiú faoi láthair, le cumas suiteáilte 2080MW ó 1,300 tuirbín gaoithe. Cé go raibh muintir na hÉireann níos báula le hinfrastruchtúr fuinnimh gaoithe agus leictreachais go ginearálta, tá meon an phobail níos cáintí anois. Léiríonn sé seo athrú ar thacaíocht shóisialta d'fhuinneamh gaoithe agus d'infrastruchtúr gaolmhar.

Sa chomhthéacs sin, rinne an Chomhairle iarracht scrúdú a dhéanamh ar an mbealach is fearr le tuiscint a fháil ar thacaíocht shóisialta d'aistriú fuinnimh na hÉireann, fuinneamh gaoithe go háirithe, agus ar an mbealach lena bhaint amach. Rinneadh coimisiúnú ar SLR Consulting (SLR) in 2013, le scrúdú a dhéanamh ar an dúshlán a bhaineann le rannpháirtíocht pobail agus le glacadh sóisialta in Éirinn agus i dtrí dhlínse eile. Tá dhá thuarascáil an SLR foilsithe ag an gComhairle in éineacht leis an tuarascáil seo: (1) *Fuinneamh Gaoithe: Cleachtais Idirnáisiúnta chun Tacú le Rannpháirtíocht agus Glacadh an Phobail agus* (2) *Fuinneamh Gaoithe: An Dúshlán maidir le Rannpháirtíocht Pobail agus Glacadh Sóisialta in Éirinn*. Baineann tuarascáil na Comhairle úsáid as an taighde sin agus as an gcomhairliúchán níos leithne le geallsealbhóirí.

Molann an tuarascáil go bhfuil na trí chomhpháirt rithabhachtach i gcur le tacaíocht shóisialta: plean Náisiúnta Aistrithe Fuinnimh atá soiléir agus in aon turas, rannpháirtíocht láidir an phobail áitiúil agus rannpháirtíocht gníomhairí idirghabhála maidir le cumasú. Tugann an tuarascáil breac-chuntas maidir le cur chuige nua náisiúnta i leith rannpháirtíocht agus gníomhaíocht. Tosaíonn sé seo le gníomhaíocht áitiúil chuimsitheach ar raon iomlán féidearthachtaí fuinnimh. Ach clár áitiúil agus tionscadail a bheith glactha, d'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag gníomhairí agus ag gníomhaireachtaí idirghabhála deimhnithe. Ba chóir lonnaitheachtaí áitiúla a bheith cláraithe ar bhonn náisiúnta agus a bheith mar chuid de mhonatóireacht agus den fhoghlaim náisiúnta.

Úinéireacht Tí agus Cíos: Cén Bóthar ar a bhfuil Éire? (Tuarascáil Uimh. 140 NESD). Is í seo an dara tuarascáil a tháinig ó chlár oibre reatha NESD ar bheartas tithíochta. Féachtar ar an gcothromaíocht a thagann chun cinn idir úinéireacht tí agus cóiríocht ar cíos, déantar plé ar threochtaí is dóigh a bheidh ann agus ardaítear saincheistean beartas nach mór a phlé agus díriú orthu.

Is iad spriocanna uileghabhálach an bheartais tithíochta (i) inacmhainneacht (ii) inbhuanaitheacht (eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaol) agus (iii) uilechuimsitheacht. Tá sé tábhachtach ceist a chur maidir le conas a fhreastalóidh na cineálacha difriúla tionachta tithíochta ar na spriocanna seo. Cruthaíonn na treochtaí i meascán tionachta agus buntáistí coibhneasta úinéireacht tí agus cíosa, atá aitheanta sa tuarascáil, ceisteanna dúshlánacha nach mór do bheartas tithíochta na hÉireann aghaidh a thabhairt orthu anois:

Ag tógáil na mbuntáistí tithíochta tí atá ann cheana san áireamh, ar mian le beartas iad a chur chun cinn nó feabhas a chur ar sholáthar agus ar tharraingteacht coibhneasta cíosa fadtéarmach?

An bhfuil na spriocanna seo comhlántach nó coimhlínteach?

Cad í an fhéidearthacht maidir le húinéireacht tí do chineálacha difriúla teaghlaigh sna déaga de bhlianta atá romhainn?

Cad é taobh soláthar, taobh éileamh agus cur chuige eile beartais atá ar fáil le húinéireacht tí nó áitíocht cíosa atá daingean a chur chun cinn?

Cad é an caidreamh idir na bealaí chun úinéireacht tí agus cur chuige beartais i leith tithíocht sóisialta agus costas cíosa a chur chun cinn ar thacaigh an Chomhairle leis ina tuarascáil i mí an Mheithimh 2014 agus a fógraíodh i Straitéis Tithíocht Shóisialta 2014 an Rialtais?

Beag beann ar conas a fhreagraítear na ceisteanna seo, ní mór go mbainfí beartas amach ceithre thoradh uileghabhálach:

Bainistíocht soláthar tithíochta atá cobhsaí agus inbhuanaithe;

Cothromaíocht níos fearr idir sciartha úinéireacht tí agus cíos, le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna inacmhainneachta agus éagobhsaíocht an mhargaidh tithíochta agus maicreacnamaíoch a mhaolú;

Tacaíocht shóisialta chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais tithíochta, atá fabhrach le dea-fheidhmíocht eacnamaíoch, comhtháthú sóisialta agus comhionannas deiseanna; agus

Roghanna tithíocht atá inacmhainne agus inbhuanaithe do theaghlaigh idirmheánach.

Tá sé tábhachtach agus an bealach leis na torthaí leathana seo a bhaint amach a iniúchadh, breithniú a dhéanamh ar fhéidearthachtaí do dhaingneacht níos fearr tionachta i gcóiríocht ar cíos, i gcostas cíosa agus in úinéireacht roinnte.

Cruinnithe Idirnáisiúnta Chomhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta Bhallstáit an AE (ESCanna)

Ghlac an NESC páirt i gcruinnithe bliantúla Chomhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta bhallstáit an Aontais Eorpaigh, a d'óstáil Comhairle Eacnamaíoch, Sóisialta agus Comhshaol na Fraince i bPáras. Ní ionann agus an bhliain roimhe sin, ní raibh ach aon chruinniú amháin ann de na hUachtaráin agus de na hArd-Rúnaithe a reáchtáladh i mí na Samhna. Bhí plé ag an gcruinniú sin ar thorthaí suirbhé maidir le ról na ESCanna agus le hionchais na sochaí sibhialta i leith an Aontais Eorpaigh, bhí díospóireacht ann maidir le dearbhú cruinniú bhliantúil na nUachtarán agus na nArd-rúnaithe ESC náisiúnta an AE agus an EESC agus cur i láthair ar 'Chomhairlí Eacnamaíoch agus Sóisialta Eorpach agus Ionchais Sochaí Sibhialta na hEorpa'.

Cruinnithe NESC a Eagraíodh le linn 2014

Tháinig an Chomhairle le chéile ar 11 ócáid le linn 2014 ar na dátaí seo a leanas.

An 16 Eanáir

An 20 Feabhra

An 20 Márta

An 17 Aibreán

An 15 Bealtaine

An 19 Meitheamh

An 17 Iúil

An 18 Meán Fómhair

An 16 Deireadh Fómhair

An 20 Samhain

An 18 Nollaig

Gníomhaíochtaí eile NESC le linn 2014

Le linn 2014, rinne Rúnaíocht NESC an iliomad cur i láthair ar obair na Comhairle, bhí sí rannpháirteach i réimse comhdhálacha, seimineáir agus ceardlanna agus d'fhreastal ar líon coistí agus ar ghrúpaí oibre. Tá líon de na gníomhaíochtaí seo liostaithe thíos.

Bhí an Stiúrthóir, an **Dr. Rory O'Donnell** mar chomhalta ar na comhlachtaí seo a leanas:

An Grúpa um Rialachas Eacnamaíoch, an Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha;

An Bord Comhairliúcháin ar Lonsamhlú Beartais Nuálaíochta don Gheilleagar Cliste (IPSE), UCD;

Urban Policy Working Group, an Chomhairle Oidhreachta; agus

High Level Implementation Group for "Our Sustainable Future" Government Framework.

Tugadh cuireadh don Stiúrthóir le bheith ina aoichainteoir agus ina rannpháirtí ag na himeachtaí seo a leanas:

Renovation Roadmaps, Irish Green Building Council', Eanáir;

'24th ESAI Irish Environmental Researcher's Colloquium', TCD, Feabhra;

'Investment and Employment Conference', ICTU, Baile Átha Cliath, Aibreán;

'What Future for Social Investment?', An Roinn Socheolaíochta/NIRSA NUI Maigh Nuad, Bealtaine;

'Transformative Environmental and Sustainability Policy', 11th Workshop of ESDN Berlin, Meitheamh;

'Time for a new Social Contract', NUI Maigh Nuad, Meán Fómhair;

'The Housing Finance Conference' Comhairle Tithíocht Shóisialta na hÉireann, Deireadh Fómhair;

'Social Housing at the Crossroads', to the Dublin Bay North Labour Party, Deireadh Fómhair;

An Coiste um Beartais Straitéisigh do Thithíocht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Samhain;

Homeless Campaign 'Coalition' Meeting, IMPACT, Samhain; agus

Seoladh 'Outlook Report for the Nonprofit Sector', AIB, Nollaig.

Bhí an **Dr John Sweeney** (An tAnailísí Beartais Sinsearach) ina chomhalta de:

An Grúpa Comhairleach ar Cháin agus ar Leas Sóisialach (nó gur chríochnaigh an Grúpa, Meán Fómhair);

An Bord Cláir Gníomhaireachta agus idir-rannach ar Bhealaí chun na hOibre; agus

Stiúrthóir agus comhalta Boird de *Youngballymun*.

Bhí sé ina aoichainteoir agus ina rannpháirtí ag na himeachtaí seo a leanas:

'The 10th Annual Meeting of the OECD LEED Forum on Partnerships and Local Development', Stockholm, Aibreán;

'Welfare-to-Work Strategies: What's going on?', European Anti-Poverty Action Network (EAPN) 2020 Working Group, Baile Átha Cliath, Feabhra;

'Skills Strategies: Regional First, National Second?', IBEC Regional Futures South East Business Forum, Baile Átha Cliath, Márta;

'Implications for Public Policy, FIT Skills Audit', IBM Technology Campus, Baile Átha Cliath, Deireadh Fómhair;

'Breisoideachas: Are We Prepared to Walk the Talk?', Education and Training Boards of Ireland (ETBI) AGM, Baile Átha Cliath, Samhain; agus

'The Wider Policy Context, FIT ICT Associate Professional Programme', IBEC, Baile Átha Cliath, Nollaig.

Rinne sé taighde freisin agus scríobh sé;

Employment and Skills Strategies in Ireland (le Jonathan Barr agus Lucy Pyne), *OECD: Local Employment and Economic Development;*

'The Pivotal Relationship: ETBs and SOLAS' in Education Matters: Athbhreithniú ar 2014, Treoir go dtí 2015, NUIG; agus

Páipéar ullmhaithe do *Interdepartmental and Agency Programme Board on Pathways to Work, Aibreán: Job Path and the Irish Labour Market: Roinnt nithe le súil a choinneáil orthu.*

Bhí an **Dr. Larry O'Connell** (Eacnamaí Sinsearach) ina aoichainteoir nó ina rannpháirtí ag na himeachtaí seo a leanas:

'Social Conditions and Social Housing: past, present and future', UCD Geary Institute, Baile Átha Cliath, Meitheamh;

'NESC Social Housing Report, Focus Ireland', Baile Átha Cliath, Meán Fómhair;

'Future Challenges for Food Production in Europe', UCD Engineering Graduates Association, Baile Átha Cliath, Samhain; agus

'Regeneration in an Improving Economy—getting it Right this Time', Institute of Economic Development (Ireland Branch), Baile Átha Cliath, Nollaig.

Bhí an **Dr. Helen Johnston** (An tAnailísí Beartais Sinsearach) ina chomhalta de:

An Lárionad um Staidéar Trasteorann (Cathaoirleach);

An Bord Náisiúnta Staidrimh;

The Technical Advisory Group on Poverty Indicators and Data;

The Carnegie Roundtable on Measuring Wellbeing in Northern Ireland;

Equality of Opportunity in Practice Advisory Group (Cathaoirleach);

The Centre of Effective Services Implementation Network;

The West Tallaght Child Development Initiative Evaluation Advisory Group; agus

The People's Conversation Reference Board;

Bhí sí ina aoichainteoir agus ina rannpháirtí ag na himeachtaí seo a leanas:

'All Vision but no Change? Determinants of Implementation', The Institute of Public Administration Doctorate in Governance Programme, Baile Átha Cliath, Eanáir;

'A Human Rights Approach to Tackling Poverty and Social Inequality', Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine, Comhdháil Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhdháil an Údaráis Comhionannais, An tIúr, Bealtaine;

'Subjective Wellbeing alongside Objective Inequality', TASC and the Foundation for Progressive Studies in collaboration with Carnegie UK, Baile Átha Cliath, Meitheamh;

'Jobless Households: An Exploration of the Issues, Senior Officials Group on Labour Market Issues', Baile Átha Cliath, Meitheamh;

'Jobless Households: An Exploration of the Issues, Cabinet Sub-Committee on Pathways to Work', Baile Átha Cliath, Meitheamh;

'Jobless Households: An Exploration of the Issues', Fine Gael Social Protection Committee, Baile Átha Cliath, Iúl;

'Why do Apparently Good Policies Fail?', Institute of Public Administration Governance Forum, Baile Átha Cliath, Meán Fómhair;

'The Social Implications of the Crisis', UCD, Baile Átha Cliath, Meán Fómhair;

'Child Poverty—European Strategies and Policies: An Irish Response', NUI Maigh Nuad, Deireadh Fómhair; agus

'Poverty and Social Exclusion in Ireland Today', Irish Local Development Network Showcase, Baile Átha Cliath, Deireadh Fómhair.

Rinne sí taighde freisin agus scríobh sí;

'All Vision but no Change? Determinants of Implementation, IPA, Meán Fómhair; agus

Tackling Disadvantage in a Time of Limited Resources, bhí sí ina Saineolaí Náisiúnta don OECD, le foilsiú go gairid.

Bhí an **Dr. Anne Marie McGauran** (Anailísí Beartais) ina comhalta de:

Ag feidhmiú mar Rúnaí agus mar Leas-Chathaoirleach ar Bhord *One Family*;

Cathaoirleach ar Ghrúpa Comhairleach Chlár um Thoirchis Ghéarchéime an HSE;

Grúpa Comhairleach HIQA ar *Revision of the National Standards for Residential Care Settings for Older People in Ireland*;

Grúpa Stiúrtha Idir-Rannach ar *Smart Ageing*

The Research, Impact and Evaluation Work Group of SAGE (Support & Advocacy Service for Older People); agus

Grúpa Stiúrtha *Menter Iontach Nua DCU*

Bhí an **Dr. Jeanne Moore** (Anailísí Beartais) ina comhalta de:

Grúpa Stiúrtha Fóram na hÉireann ar Chaipiteal Nádurtha; agus

The Evaluator Panel for the EPA's 2014 Sustainability Research Call;

Rinne sí cur i láthair agus bhí sí rannpháirteach sna himeachtaí seo a leanas:

'NESC's Wind Energy and Community Engagement', Friends of the Earth Community Energy Meeting, Aibreán;

Painéalaí ag *‘Planning and Stakeholder Engagement in Energy Infrastructure Projects Workshop, Energy Ireland Conference’*, Meitheamh;

‘Building Community Engagement and Social Support: Wind Energy, Energy Ireland’s Planning for Energy Infrastructure Conference’, Deireadh Fómhair;

‘Building Community Engagement and Social Support’, DCENR’s Green Paper Consultation Event—*Empowering Energy Citizens Seminar*, Samhain; agus

‘EEAC Annual Conference’, Budapest, Deireadh Fómhair.

Rinne sí taighde freisin agus scríobh sí;

Bringing the Wind With Us, Eolas Magazine, Meán Fómhair; agus

Bringing the Wind With Us, Energy Ireland, Renewable Energy, Eisiúint 4.

Beartais Chuntasaíochta NESDO

Beartais Chuntasaíochta

Coinbhinsiún an Chostais Stairiúil

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhruithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta seachas sa chás go luaitear a mhalairt.

Aithint Ioncam

Aithnítear Deontas i gCabhair a fhaightear ó Roinn an Taoisigh sna Ráitis Airgeadais ar bhonn fáltais airgid.

Aithnítear ioncam a fhaightear ó dhíolachán foilseachán agus ioncam comhdhála nuair a dhéantar sonrasc ina leith. Sa chás go léirítear nach féidir na hairgid a fháil, déantar foráil maidir le fiacha amhrasacha.

Comhoibríonn NESDO le heagraíochtaí eile ar thionscadail chomhchistithe a d'fhéadfadh seasamh níos faide ná aon bhliain amháin. Aithnítear an t-ioncam seo ar bhonn fáltais airgid.

Airgeadra Eachtrach

Déantar idirbhearta in airgeadraí seachas an euro a thaifeadadh ag na rátaí arna rialú ar dháta na n-idirbheart nó ar dháta conraithe. Aistrítear sócmhainní airgeadaíochta agus dliteanais go euro ar dháta an chláir comhardaithe nó ar dháta conraithe. Déileáiltear le difríochtaí sa ráta malairte sa Ráiteas Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Sócmhainní Inláimhsithe

Léirítear sócmhainní seasta ag costas lúide dímheas carntha. Déantar dímheas a ríomh chun costas sócmhainní inláimhsithe a díscríobh dá luachanna iarmharacha measta thar a saol úsáideach measta trí thráthchodanna comhionanna.

Tá saol úsáideach measta sócmhainní inláimhsithe le tagairt don dímheas a ríomhtar mar seo a leanas:

Troscán: 5/10 mbliana;

Trealamh: 5 bliana.

Aoisliúntas

Roimh 2013 bhí socruithe difriúla maidir le pinsean i bhfeidhm d'fhoireann NESDO. Tháinig athrú ar na socruithe seo le linn na bliana 2013 agus 2014 agus faoi dheireadh 2014 roghnaigh gach comhalta foirne de chuid NESDO a bheith ina gcomhaltaí de scéim pinsin d'Fhostaithe Stáit Neamhbhunaithe. Is scéim neamhranníocach í an scéim seo do phinsean scoir agus do shochair chnapshuime an oifigigh féin. Tá ranníocaíochtaí iníoctha don Scéim do Chéilí agus Leanaí. Cuireann NESDO na ranníocaíochtaí sin ar ais chuig an Roinn Airgeadais trí Roinn an Taoisigh. Dá réir sin, níl aon dliteanas ar NESDO maidir le socruithe aoisliúntais na foirne seo.

Le linn na bliana 2014, thug Roinn an Taoisigh ceathrar comhalta foirne ar iasacht do NESDO, a bhí clúdaithe ag scéimeanna aoisliúntais a bhí i bhfeidhm sa Roinn sin. Rinne NESDO aisíocaíocht leis an Roinn maidir le tuarastal, ÁSPC fostóra agus aoisliúntas na gcomhaltaí foirne áirithe seo. D'fhabhraigh aisíocaíochtaí ar bhonn míosúil agus cuireadh síos ar an Ráiteas loncaim agus Caiteachais iad. Glac Roinn an Taoisigh freagracht as párolla agus feidhm aoisliúntais maidir leis na comhaltaí foirne seo.